

COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

CORR NA MÓNA

Polasaí Tinrimh

Aithnímid i gColáiste Naomh Feichín an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh scoile i ndul chun cinn sásúil an dalta. Ar an ábhar sin leagtar an-bhéim sa scoil ar dhaltaí a spreagadh le freastal ar scoil gach lá seachas nuair atá cúis mhaith leis an asláithreach.

Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le cuntas cruinn a choinneáil ar thinreamh na ndaltaí faoinár gcúram. Tá córas i bhfeidhm le cinntiú go gcoinneofar taifead cruinn ar an tinreamh scoile. Déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras seo le cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach agus le feabhas a chur air más gá.

Tá tábhacht ar leith ag baint le comhoibriú idir tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus foireann na scoile maidir le tinreamh agus is tríd an gcomhoibriú seo gur féidir a chinntiú go bhfaigheann gach dalta an deis dul chun cinn sásúil a dhéanamh agus barr a chumais a bhaint amach.

Na Cuspóirí atá ag an bPolasaí seo ná:

- A mholadh do dhaltaí dul chun na scoile go rialta agus go poncúil.
- Go mbeadh comhphobal na scoile ar fad gafa le cothú dea-thinrimh.
- Comhphobal na scoile a chur ar an eolas maidir lena ról agus freagrachtaí.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ag an scoil chun dea-thinreamh agus rannpháirteaíocht scoile a chur chun cinn.

Ról an Tuismitheora/Chaomhnóra

Iarrtar ar thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh agus tráthúlacht a phlé lena bpáiste agus a léiriú go bhfuil meas acu air seo trí iarracht a dhéanamh laethanta saoire, coinní, &rl a eagrú taobh amuigh d'am scoile.

Baintear úsáid as dialann scoile an dalta le teagmháil idir an baile agus an scoil a éascú.

Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí nóta i dtaobh asláithreachtaí nó coinní a scríobh san áit chuí sa dialann agus a chinntiú go bhfuil an nóta sin ag an dalta ar an gcéad lá ar ais ar scoil nó go gcuirtear an scoil ar an eolas faoin asláithreacht roimh ré más féidir.

I gcás aon asláithreacht fhadthéarmach, tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí údaráis na scoile a chur ar an eolas faoi. I gcás tinneas, ba chóir Teastas Dochtúra a chur ar fáil.

Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go mbíonn a bpáistí ar scoil gach lá, seachas nuair a bhíonn leithscéal dleathach acu le bheith as láthair.

Ról an Dalta

Tá an fhreagracht ar an dalta an chóip ghorm den nóta asláithreachais sa dialann scoile a thabhairt don Cheannaire Ranga ar an gcéad lá tar éis don dalta filleadh ar scoil.

Tá sé de dhualgas ar an dalta freastal ar gach rang i rith an lae scoile agus cead múinteora a fháil más gá an rang a fhágáil ar chúis ar bith.

Ní foláir do dhaltaí dul ag ranganna in am i rith an lae scoile.

Más gá don dalta an scoil a fhágáil rith an lae scoile, ní mór dó/di nóta sínithe ó thuismitheoir/chaomhnóir a thabhairt don Príomhoide Tánaisteach roimh 11.30 r.n. agus síniú-amach san Oifig Scoile sula bhfágann sé/sí.

Ról na Scoile

A chinntiú go bhfuil gach dalta cláraithe mar is cóir.

Tábhacht an dea-thinreamh a chur chun cinn agus dea-nósanna maidir le tinreamh a spreagadh.

Monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh agus ar phoncúlacht.

Gradaim aitheantais a bhronnadh orthu siúd le lán-tinrimh agus/nó le sár-tinrimh ag deireach na scoilbhliana ag Ócáid Bhronnadh na nGradam.

I gcás dalta a chailleann 20 lá nó níos mó in aon scoilbhliain amháin tá sé de dhualgas ar an scoil na sonraí faoin asláithreacht a chur ar fáil do TUSLA an Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach.

Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí sa chás go bhfuil amhras faoi asláithreacht dhalta.

Ról an Mhúinteora/Cheannaire Ranga

Má thagann dalta déanach go dtí an chéad rang ar maidin, cinntíonn an múinteoir ranga go bhfuil nóta “déanach don rang” i ndialann an dalta ón oifig.

Sa gcéad rang gach maidin, líonann an múinteoir ranga an rolla ar an gclár tinreamh VS Ware.

Coinníonn gach múinteoir rolla ranga agus líontar an rolla ag gach rang.

Is é dualgas an Cheannaire Ranga na nótaí asláithreachta a bhailiú agus a thabhairt chuig an Oifig Scoile.

Cuirtear an t-eolas seo faoi bhráid an bPríomhoide agus chuig Tusla an Ghníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach.

Cur i bhfeidhm agus Monatóireacht

- Monatóireacht rialta á dhéanamh ag an bPríomhoide agus ag an bPríomhoide Tánaisteach.
- Múinteoirí ábhair go laethúil mar ghnáthchuid dá gcuid curaimí ranga.
- Déanfar plé ar Thinrimh agus poncúlacht na ndaltaí cuí ag cruinnithe Múinteoirí/ Tuismitheoirí, ag cruinnithe Foirne agus ag cruinnithe Bord Bainistíochta.
- Cuirtear Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas faoi tinreamh a bpáiste(i) roinnt uaireanta i rith na scoilbhliana.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí Tinrimh seo gach trí bliana nó níos tuisce, más gá.